



2026/1011

8.5.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1011 ÓN gCOIMISIÚN
an 7 Bealtaine 2026

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787 a mhéid a bhaineann le lipéadú réamh-mheascán

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2025/1787 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaráíodh L-argainín arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80387 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ar feadh 10 mbliana.
- (2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787, sa tríú pointe den cholún 'Forálacha eile' den tábla a bhaineann le húdarú L-argainín arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80387 sa chatagóir 'breiseáin chéadfacha', san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', ceanglaítear go hearráideach go sonrúfaí uaschion molta na substainte gníomhaí ar lipéad an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin. Níor cheart uaschion molta na substainte gníomhaí a shonrú ach amháin ar lipéad an bhreiseáin. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787 a cheartú dá réir sin.
- (3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787, san iontráil sa tábla a bhaineann le húdarú L-argainín arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80387 sa chatagóir 'breiseáin chéadfacha', san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', sa tríú pointe sa cholún 'Forálacha eile' scriostar na focail 'agus na réamh-mheascán'.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 maidir le húdarú L-argainín arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80387 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2025/1787, 9.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1787/oj).

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN
